**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P10_TA(2026)0095

## Leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2021/1232 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena thréimhse cur i bhfeidhm

### Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 26 Márta 2026 maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena thréimhse cur i bhfeidhm (COM(2025)0797 – C10-0370/2025 – 2025/0429(COD))

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0797),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 16(2) agus d’Airteagal 114(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0370/2025),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 21 Eanáir 2026[1],

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0040/2026),

1. ag diúltú don togra ón gCoimisiún;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a tharraingt siar;

---

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.